# Guth Ghoill

Luach € 2.00

## Féile Náisiúnta Drámaíochta 2009



Sa phictiúr tá Proinsias Ó Cuilinn, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, Seán Mac Giolla Bhríde agus Aodh Mac Laifeartaigh i ndiaidh bronnadh na ngradam ag an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta i mBaile Locha Riach i mí na Bealtaine. D'éirigh leis an dráma "An Croí Fealtach", a léirigh Aisteoirí Mhíobhaigh, trí ghradam a bhaint: Duais scríbhneoireachta agus duais léiritheora do Phroinsias Ó Cuilinn agus duais aisteoireachta d'Aodh Mac Laifeartaigh. B'iad Fiona Pasoma, Proinsias Ó Cuilinn, Áine Máire Ní Shibhleáin, Aodh Mac Laifeartaigh, Stiofán Ó Sibhleáin, Seán Mac Giolla Bhríde, Seán Ó Dochartaigh, Micheál Ó Sibhleáin, Seosaimhín Ní Bhuaidhe agus Seosamh Ó Cuilinn na h-aisteoirí a bhí páirteach sa drama. Foireann Stáitse: Aodh Mac Laifeartaigh (fada) agus Máire Uí Bhoadáin. Soilse: Antoin Mac Giolla Bhríde. Smideadh: Máire Clyde. **Beidh an drama seo ar an ardán arís ar 20 Iúil agus 3 Lúnasa i gColáiste Ros Goill agus ar 16 Deiredh Fómhair sa "Teachers Club" i mBaile Átha Cliath.**


AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com

# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar


| | |
|---|---|
| An Fhéile Náisiúnta Drámaíochta | 1 |
| Clár | 2 |
| Teach Phádraig Den | 3 |
| Comórtas Peile na Gaeltachta | 7 |
| Míobhaigh. | 8 |
| Imeachtaí Chéim Aniar | 12 |
| Feadaímó | 14 |
| An Chéad Chomaoineach | 16 |

# Teach Phádraig Den.



Thíos i nDumhaigh ar imeall na trá, ag amharc isteach i gcraos na farraige móire tá seanbhallóg theach Phádraig Den, é ina shuí anseo leis na glúnta, teach a chonaic an mheidhir is an gáire, an grá is an ghruaim, ardú meanman agus cumhaigh le linn na mblianta fada ó tógadh é. Níl am dá dtéim thart leis nach dtéann m'intinn ar ais i ndeas de leathchéad bliain agus líonann mo cheann le samhalacha, le smaointe agus le cuimhní cinn. Níl a fhios agam caidé is ciontaí leis ach sílim go bhfuil draíocht ar leith ag baint le Dumhaigh nach bhfuil le fáil i mbaile fearainn ar bith eile agus chan fiantás na farraige amháin is cúis leis. B'fhéidir go bhfuil rud inteacht aige le déanamh leis an áit fhéin sa mhéid go bhféadfadh sé a bheith fíor gur i nDumhaigh agus ar an Chorrach a lonnaigh na chéad daoine a tháinig chun an cheantair seo in am na plandála.

Nuair a bhí mé i mo ghasúr d'éireodh mo chroí nuair a bhainfeadh muid barr mhallaidh Bhidí amach agus muid ar an bhealach go Dumhaigh, amach romhat bhí an tírdhreach bán, tithe aoldaite agus cúr bán na farraige ag éirí de na carraigeacha go díreach mar a bhí sé ag déanamh leis na cianta agus níos faide amuigh bhí carraigeacha dubha Ghoill le feiceáil ag gobadh aníos as roisteacha farraige móire. D'inis Neansaí Hughie Den domh gur sin ceann de na samhalacha a d'fhan léithe nuair a chuaigh sí go Meiriceá an chéad uair i 1929, ceann de na radharcanna deireanacha a fuair sí den tír ón long, '……… tithe beaga bána Dhumhaigh agus iad comh beag i bhfad uainn'. Nuair a théadh siad ar an long thíos ag Magh Bhille (Moville) thigeadh sí thart le cósta Fhánada agus Ros Goill agus nuair a bhíodh sí ar shiúl thart leis an taobh seo tíre thiontaíodh an long díreach amach ar chúl Thoraigh ar a turas go Meiriceá. Do mhórchuid daoine ón cheantar seo ba Dhumhaigh an radharc deireanach a fuair siad dá bhfód dúchais mar go raibh cuid mhór den mhuintir a d'imigh nach dtáinig ar ais. D'fhanadh scaifte mór amuigh ar deic na loinge go rachadh an talamh as amharc.

**Ar Saoire i nDumhaigh.**

Nach iomaí lá soineanta suáilceach a chaith mé fán tráigh i nDumhaigh nuair a bhí sé d'ádh orm cúpla seachtain saoire a fháil thios i dteach mo sheanmháthar, ina sheasamh ar imeall na mara ag fanacht leis an chéad tonn eile briseadh agus ag reáchtáil uaidh nuair a shínfeadh sé é féin isteach ar an ghaineamh, nó na tráthnónta a chaith mé ag spaisteoireacht fá na carraigeacha ag fanacht leis na curracha a thiocfadh isteach le luí gréine, Mánas Eoin, Neaty Phádraig Den, Mánaí Mhicheáil — loinnir na n-iasc sna curracha; gliomaigh agus portáin ag bogadaigh thart agus ag síneadh a gcrúba; ag cuidiú leo na curracha a thabhairt aníos go dtí an rampa -- an gníomh deireanach seo lena chinntiú go dtabharfaí ladhra portáin domh; ar shiúl ar chosa in airde 'un tí leis na ladhra a chur sa tine agus a mbriseadh amuigh ar an tsráid le titim na hoíche. Cha dtiocfaí a shárú sin a fháil, ócáidí a bhí lán beochta, iontais agus draíochta. Cha raibh feidhm ar bith le Playstations nó le DVD's san am sin.

Bhí véarsa i ndán de chuid Mháirtín Uí Dhireáin - 'An tEarrach Thiar'- a thug íomhaigh na gcurracha ag teacht i dtír i nDumhaigh i gcónaí i mo chuimhne:

Tollbhuillí fanna
ag maidí rámha,
Currach lán éisc
ag teacht chun cladaigh,
Ar órmhuir mhall
I ndeireadh lae
San Earrach Thiar.

**Charlie Mór.**

Agus bhí Chéarlie Mór i nDumhaigh fosta! 'Cén aois thusa 'nois a Hughie?' a deireadh sé. 'Tá mé naoi mbliana' 'An mbeifeá ábalta céadmeáchain prátaí a chur ar dhroim asaile?' 'Níl fhios agam' a deirinn fhéin. Cha raibh tuairim dá laghad agam fhéin san am sin cad é comh trom agus a bhí céadmeáchain, c'acu bhí sé ag caint faoi mhála mór ná faoi mhála siopa. Ach san am chéanna bhí a fhios agam ar an seasamh saighdiúra a bhí aige nach ualach éadrom a bhí i gceist!

'Bhuel nuair a bhí mise d'aois-se bhí mé ábalta dhá mhála céadmeáchain prátaí a chur faoi mo chuid ascaillí agus a gcur ar dhroim asaile'. Thosóinn fhéin ag smaoineamh ansin go mbfhéidir nach raibh mé chomh láidir agus a ba cheart domh a bheith. Chuir mé ceist ar Hughie Phádraig Den caidé comh mór agus a bhí céadmeáchain prátaí. 'Lán saic acu sin' agus é ag díriú a mhéire ar shac a bhí ina luí ag doras an bhoithigh. 'Cad chuige' ar seisean. D'inis mé dó ansin fá chuid cainte Shéarlaí Mór agus ar seisean '……. Dhá chéadmeáchain prátaí nuair a bhí sé ar an aois chéanna leatsa, Charlie Mór, bhuel leoga dhéanfadh Charlie Mór sin nó b'fhéidir trí ná ceithre chéad meáchain' agus sin ar dhúirt sé. Bhí aithne mhaith ag Hughie ar Shéarlaí Mór! Shíl mé fhéin go ceann fada go leor gur sórt de Fhionn Mac Cumhaill a bhí in Chéarlie Mór. Lá ar bith a gcasfaí duit é bhí scéal úr aige faoi cé comh láidir agus a bhí sé ag naoi mbliana!!

**Na Blianta Deireanacha.**

Thóg Pádraig Den teaghlach mhór sa teach beag sin ach na blianta ar ghnáth liomsa tréimhse a chaitheamh fá Dhumhaigh sa tSamhradh cha raibh duine ar bith fá tigh Den ach Hughie agus Neaty. Thart fán am sin phós Neaty Maggie Nochaí as Baile an tSléibhe.

Choinnigh siad teach néata, slachtmhar agus bhí urlár deas de leacacha sa chistin agus tine oscailte den tseandéanamh ann. Ceann de na rudaí a ba ghnách a bheith i gcuid mhór tithe san am sin ná seilf os cionn na tineadh agus bhíodh a lán ornáidí beaga deasa ina shuí orthu. Bhi a mhacasamhail tí Den.



*Neaty Phádraig Den*

**Hughie agus an Colmán.**

Is cuimhin liom go maith tráthnóna Domhnaigh amháin a shiúil mé fhéin agus mo dheartháir Micheál isteach tigh Den. Cha mhó ná go raibh muid taobh istigh den doras nuair a chomharthaigh Hughie dúinn a bheith iontach socair, cha raibh istigh ach é fhéin agus cad é a bhí sé ag déanamh i lár an urláir ach ag tabhairt min choirce do cholmán a bhí sé i ndiaidh a mhealladh isteach 'un tí. Ceann acu seo a raibh fáinne uirthi agus a chuaigh ar seachrán is dócha. Bhí soitheach uisce aige ar an urlár di fosta. B'aoibhinn agus ba shuaimhneach an radharc a bhí ann, Hughie ag cur síos dúinne ar an dóigh ar éirigh leis an t-éan álainn seo a mhealladh 'un tí agus ansin é ag caint go ciúin modhúil leis an éan agus ag cuimilt a clúimh go ceanúil ach a Dhia na Glóire cha raibh an radharc i bhfad ag athrú. Thóg Micheál a chos le tréan diabhlaíochta agus thug sé buille beag den urlár lena bhróg. D'éirigh an t-éan go tobann agus d'eitil sí ar bhfiáin fríd an tigh, a cuid eiteoga ag flapáil achan bhealach agus nach í a rinne an scrios ceart de na hornáidí ar an tseilf, agus olc agus mar bhí an t-éan bhí Hughie deich n-uaire níos measa, go háirithe nuair a chonaic sé a chuid ornáidí ag titim ina smidiríní i lár an urláir agus cleiteacha ar fud na cistinne. Bhí an bairéad de le seo, achan mhallacht aige agus é ag damhsa le tréan feirge agus é i ndiaidh an éin ar fud na cistinne. Rinne a chuid sciatháin agus an bairéad níos mó flapála ná eiteoga an éin agus é ar a dhícheall ag iarraidh í a threorú i dtreo a'dorais sul a mbeadh scrios ceart déanta aici den chistin. Agus dár ndóigh más mó

scairtí agus eascaine a bhí uaidhsean más mó eagla a bhí ag teacht ar an éan bhocht. Agus seo uilig ag dul ar aghaidh bhí mé fhéin agus Micheál inar seasamh taobh istigh den doras, gan smid asainn leis an eagla agus cha raibh a fhios againn cé acu a mbogfas muid nó nach ndéanfadh ach cha raibh Hughie i bhfad ag déanamh suas ár n-intinn dúinn---

‘ Caidé’n mallacht Dé atá sibhse ag déanamh in bhur seasamh istigh anseo, glanaigí libh go f--- amach as seo agus na taraigí ar ais’. Cha raibh fiacha ar bith air an t-ordú sin a thabhairt uaidh an dara huair agus bhain muid na bonnaí as chomh tiubh géar is thiocfadh linn. Is cosúil go bhfuair sé an t-éan amach as an teach ar dhóigh inteacht!

Ach sin agus eile ba dhuine suaimhneach a bhi in Hughie, fear a choinnigh aige fhéin agus nár chuir amach nó isteach ar dhuine ar bith.

**Bunadh Mhuintir Den.**



Ba theach Phádraig Den a tugadh ar an teach seo i m’amsa ach má théann muid siar in am ba theach Shéarlaí Shorcha a bhí ann lá den tsaol (Chéarlaí Mac Laifeartaigh). Níl a fhios againn cén t-ainm baiste a bhí ar athair Shearlaí ach go raibh sé pósta ar bhean a raibh Sorcha uirthí.

Bhí Chéarlaí é fhéin pósta ar bhean de bhunadh Inis Eoghain a raibh Jennie Dochartaigh uirthi.

**Chéarlaí Mac Laifeartaigh agus Jennie Dochartaigh**.

Ceathrar clainne a bhí acu: Den, (Den Shéarlaí Shorcha) Sarah (Sarah Shéarlaí….), Hughie (Hughie Shéarlaí….) agus Dinny (Dinny Shéarlaí……..).

Bhí **Den** pósta i nDumhaigh. (sa teach a bhfuil muid ag caint faoi).

Cha raibh **Dinny** pósta agus ba é a thóg an teach i nDumhaigh ina raibh cónaí ar mhuintir Hughie Den, an teach a dódh i 1959.

Chuaigh **Hughie** agus **Sarah** go Meiriceá. Tháinig siad ar ais agus bhí Hughie pósta i Mín a Lábáin (Churchill) áit ar thóg sé cúigear mac agus triúr iníonach.

Pósadh Sarah ar Johnny Mháire. Ba seo an tríú bean a bhí aige. Bhí cónaí orthu sa Lodge áit ar reáchtáil siad teach lóistín agus feirm agus bhí siopa acu fosta in aice na céidhe.

**Den Shéarlaí Shorcha agus Nancy Nic Giolla Bhríde**.

I ndiaidh ama Shéarlaí agus Jennie ba Den a rinne cónaí agus a thóg a chlann sa teach seo a bhfuil muid ag caint faoi.

Bhí sé pósta ar Nancy Mhór Nic Giolla Bhríde as an Chorrach. Bhí seisear clainne acu—Jack Bán, Pádraig, Jennie, Chéarlaí, Neaty Rua agus Hughie (Hughie Den Shéarlaí Shorcha). Tógadh iad uilig sa teach beag seo. Ní raibh sé chomh mór fiú san am sin agus a bhí sé na bliantaí ina dhiaidh sin mar nach raibh an píosa is cóngaraí den bhealach curtha leis an teach ag an am sin.

Bhi Jack Bán, Pádraig, Neaty Rua agus Hughie pósta fán bhaile agus d’imigh Chéarlaí agus Jennie go Meiriceá.

**Meiriceá.**

D’fhoghlaim muid uilig scéal Naomh Pádraig nuair a bhí muid ar an scoil agus an dóigh ar chuala sé glórtha ag scairtigh leis ina chodladh nuair a bhí sé ag buachailleacht ar Shliabh Mis. Níl a fhios agam ar chuala daoine ón taobh seo tire scairt den chineál seo ón taobh eile den Atlantach mar is cinnte go dtug slua mór acu a n-aghaidh an treo sin. Tháinig Naomh Pádraig ar ais ach ar an drochuair bhí scaifte mór de bhunadh an cheantair seo nár éirigh leo pilleadh ar a bhfód dúchais ariamh. Bhí Chéarlaí Den ar dhuine acu seo.

Chuaigh **Chéarlaí Den** go Meiriceá i mí Mei-

thimh 1893 nuair nach raibh sé ach naoi mbliana déag. Phós sé Annie Bhoydie (Ní Bhrollacháin, iníon le Paidí Bhoydie, bheadh sí ina haintín ag Jimí) ag tús an chéid dheireanaigh agus bhí ceathrar clainne acu- Annie, Bernard, Máire agus Cití.
Fuair sé bás thall i 1933.

D'imigh **Jennie Den** go Meiriceá thart fán bhliain 1888. Pósadh í ar fhear as an Ghleann Ard 1893. Is cosúil gur shocraigh siad a theacht ar ais agus a dteaghlach a thógáil sa tír seo. Tháinig Jennie agus an chlann 'na bhaile agus bhí siad ina gcónaí ag athair a céile ar an Ghleann. Tháinig a fear céile 'na bhaile dhá bhliain ina dhiaidh sin ach ar an drochuair bhí eitinn (TB) air agus fuair sé bás go goirid i ndiaidh dó a theacht 'na bhaile. Bhí sise fágtha ar an Ghleann ansin agus gan teacht isteach ar bith aici agus mar sin de shocraigh sí a dhul ar ais go Meiriceá. D'fhág sí a cuid páistí ina diaidh—cúigear acu a bhí ann agus bhí siad fágtha thall agus abhus ag a cuid deartháireacha. Chuir sí an pasáiste na bhaile dóibhthe de réir a chéile agus sa deireadh thiar thall bhí siad uilig ina cuideachta arís i Meiriceá. Fuair sí bás sa bhliain 1948.

Bhí **Jack Bán** pósta i Ros na Binne ar Mháire Ni Shraotháin. Ba seo an teach a raibh cónaí ar Mhicí Jimí ann sna blianta ina dhiaidh sin. Ní raibh teaghlach ar bith acu.

Bhí **Neaty Rua** pósta dhá uair. An chéad uair ar Cháitríona Johnny Chanainn agus bhí triúr clainne acu, Máire, Nancy agus Jennie. Chuaigh siad seo uilig go Meiriceá agus níor tháinig siad ar ais ariamh. Nuair a fuair Cáitríona bás pósadh é ar Mháire Aindí Hiúdaí. Bhí duine amháin clainne acu, ba sin Den nó Den Mháire mar ab fhearr aithne air a bhí ar fostú tigh Mhic Giolla Shionnaigh agus ar scríobh muid faoi nuair a bhí muid ag scríobh faoi Cheann na Leargaí. Fuair Den bás i 1973.

Bhí **Hughie** pósta ar Mháire Shéarlaí Dhonchaidh Mhóir (Nic Giolla Bhríde) as an Chorrach. Bhí cónaí air i nDumhaigh sa teach a thóg a uncal Dinny Shéarlaí, an t-uncal nach raibh pósta. Bhí ochtar clainne acu: Nancy, Chéarlaí, Donchadh, Den, Neaty, Siosáile, Máire agus Biddy. Fuair Den bás ag seacht mbliana, bádh Donchadh 1958 agus fuair Nancy, Chéarlaí agus Neaty bás thart ar dheich mbliana ó shin. Tá Siosáile, Máire agus Bidí beo go fóill.

**Pádraig Den (Shéarlaí Shorcha) agus Sorcha Chonchúir Rua.**

Bhi **Pádraig** pósta ar Shorcha Chonchúir Rua as Baile an tSléibhe agus ba sa teach seo a thóg siad a gclann: Den, Nochaí, Hughie, Brianaí, John Rua, Neaty, Nancy, Tuathal agus Nóra. Fuair Nancy bás óg agus bádh Den, an fear ba shine agus é ar an bhealach isteach i ndiaidh a bheith amuigh ag iascaireacht gliomach. Bhí sé dhá bhliain déag agus fiche. Bhí John Rua leis ach tugadh tarrtháil airsean. Cha raibh fá bhaile sna blianta deireanacha ach Neaty agus Hughie.
Chuaigh Nochaí go Meiriceá i 1925 agus pósadh é ar Mháire Éamoin (Nic Fhionlaoch). Tá Nochaí marbh le blianta. D'fhan Hughie fán bhaile agus cha raibh sé pósta. Chuaigh Brianaí go Meiriceá i 1928 ach tháinig sé ar ais agus bhí sé pósta i nGlaschú ar Ghracie John Eoin (Ní Luodhóg). Cha raibh John Rua, an fear a sábháileadh an lá a bádh a dheartháir Den, pósta agus fuair sé bás in Albain sna seascaidí. Fuair Nancy bás óg agus chaith Tuathal a shaol fá Albain ach cha raibh sé pósta ach oiread. Bhí Nóra pósta ar John Nead Thuathail (Ó Gallchóir) agus fuair sí bás ina bean óg sna caogaidí.



Mar a dúirt mé phós **Neaty** Maggie Nochaí ach cha raibh teaghlach ar bith acu. Ba é an duine deireanach dena bhunadh a rinne cónaí sa teach beag seascair seo. **Neaty Phádraig Den Shéarlaí Shorcha.**

Aodh Mac Laífeartaigh

# Comórtas Peile na Gaeltachta.




Rinne muid an turas fada go Ros Muc, Co. Na Gaillimhe áit bhreithe an Phiarsaigh, le páirt a ghlacadh i gcomórtas peile na Gaeltachta deireadh seachtaine na Cincíse 29ú Bealtaine – 1Meitheamh. D'fhág muid na Dúnaibh ar bhus Mhic Íomhair maidin Dé hAoine ag súil go ndéanfadh muid gnoithe maith sa chomórtas ach níor éirigh linn, ach bhain achan duine a rinne an turas idir pheileadóirí agus lucht tacaíochta an-sult as an deireadh seachtaine. Cuireadh fáilte mhór romhainn i Ros Muc agus bhí eagraíocht thar barr déanta acu ar an chomórtas.

Imríodh an chéad chluiche maidin Dé Sathairn ar Pháirc an Phiarsaigh, Ros Muc in éadan Mhoindearg as Londain agus bhí an cluiche seo i bhfad ní ba dheacra ná mar bhí muid ag dréim leis. Ag leath-am bhí muid dhá phointe 'un deiridh 0 - 4 le 0 - 6 ach de réir a chéile sa dara leath laghdaigh muid an bhearna agus sna bomaití deireanacha chuaigh muid chun tosaigh le pointí ó Dhairean Mac Grianna agus ó Ghary Mac Laifeartaigh. Nuair a shéid an réiteoir an fheadóg bhí muid pointe 'un tosaigh 0-9 le 0-8 .

Tar éis an chluiche rinne na peileadóirí a mbealach chun na farraige le faoiseamh a thabhairt do na géaga tuirseacha mar go raibh cluiche eile le himirt acu an tráthnóna sin. Ar pháirc Naomh Anna, Leitir Mór a himríodh an dara cluiche ag a sé a chlog tráthnóna nuair a d'imir na Dúnaibh i gcoinne Laochra Loch Laoi as Béal Feirste. Bhí sé soiléir ón taispeántas a thug siad sa chluiche seo go raibh siad iontach tuirseach agus go raibh na hiarrachtaí a rinne siad sa chéad chluiche ag cur isteach go mór orthu. Bhí muid 'un deiridh ag leath-am 2-6 le 0-6. Rinneadh roinnt athruithe ag leath-am agus tháinig feabhas ar na himreoirí ach bhí an damáiste déanta. Ag deireadh an chluiche bhí muid sé phointe 'un deiridh agus ba é an scór a bhí ann ná, 3-9 le 1-9 rud a chiallaigh go raibh muid as an chomórtas. Bhí díomá mhór ar achan duine ach bhí muid sásta go ndearna na peileadóirí a ndícheall agus tá muid bródúil astu agus fosta tá muid iontach bródúil as an dóigh ar iompar siad iad fhéin le linn deireadh seachtaine an chomórtais. Ba mhaith leis an chlub a mbuíochas a chur in iúl don slua mór ón pharóiste a rinne an turas fada ó dheas le tacaíocht a thabhairt do na lads agus tá siadsan fíorbhuíoch ar ucht na tacaíochta sin. Fosta ba mhaith leis an chlub a mbuíochas a chur in iúl dóibhsean uilig as an cheantar a rinne urraíocht ar an fhoireann.

Seo leanas an painéal a bhí ag na Dúnaibh sa chomórtas:

Seán Mac Giolla Chóill, Colin Ó Gallchóir, Caoimhín Mac Aodha, Séamus Mac Giolla Bhríde, Daithí Hay, Aodh Mac Suibhne, Séamus Ó Gallchóir, Seán Mac Giolla Bhríde, Micheál Ó Bródlaigh (M), Seaghán Mac Laifeartaigh, Aaron



Mac Laifeartaigh, Pádraig Mac Rodaigh, Mac Roibeard, Daireann Mac Grianna, Seán Ó Buaidhe, Dónal Mac Giolla Bhríde, Finghín Mac Laifeartaigh, Garry Mac Laifeartaigh, Seagha Mac Giolla Chóill, Peadar Mac Giolla Bhríde, Séamus Mac Pháidin, Ruaidhrí Ó Conchúir, Marcus Ó Curráin, Brian Ó Buaidhe, Máirtín Mac Lochlainn, Tomás Ó Luodhóg, Deaghlán Mac Giolla Bhríde, Micheál Ó Bródlaigh (P) agus Daithí Baxter.

# Míobhaigh.



Tá an baile fearainn seo suite ar an taobh thoir de Ros Goill, ar bhruach na Maoile Ruaidhe, faoi scáth Gháinne Mór agus ar an chríoch le Ceann na Leargaidh, Machaire Beag agus Cluain tSaileach. Cé go ndeirtear gur ó bhaile fearainn Mhíobhaigh a fuair an paróiste a ainm níl ballóga na seaneaglaise sa bhaile fearainn seo ach i gCluain tSaileach, an baile fearainn in aice leis, ach de réir leabhar Leslie W. Lucas "Mevagh down the years" is cosúil go raibh teorainn Mhíobhaigh níos faide ó thuaidh sa tseanré agus go raibh suíomh na heaglaise i Míobhaigh am amháin. Glactar leis anois go gcríochnaíonn Míobhaigh ag an sruthán in aice na croise os cionn na reilige ach sa tseanam ba é an balla ar chúl seanOifig an Phoist a bhí mar theorainn agus d'fhág sin teach Uí Bhuaidhe i Míobhaigh. Tá marcanna, ciorcail agus crosa a bhí inscríofa in am réamh-Chríostaí,







le feiceáil ar charraig sa bhaile fearainn seo. Sa chuibhreann os comhair "An Síbín Ceoil" bhí "Tobar na Súl" ach níl a dhath de le feiceáil anois. Dúradh go raibh leigheas in uisce an tobair seo

do ghalraithe súile.

Níor tháinig an méid sin athruithe ar an bhaile fearainn seo thar na blianta i gcomparáid leis an chuid eile den cheantar. Ocht dteach cónaithe atá anseo anois agus ag dul ar ais go dtí luath sa chéad dheireanach sé theaghlach a bhí ina gcónaí ar an bhaile fearainn seo. I Míobhaigh Uachtarach bhí Teach Eoghain Uí Bhuaidhe, (Eoghan Phaidí Bhuaidhe), Teach na Moores (Na Mooraigh) in aice leis agus Teach Dhonnchaidh Uí Bhuaidhe (Donnchadh Phaidí Bhuaidhe) thíos futhú agus bhí teach amháin eile a bhí ligthe amach ar cíos anois agus arís. Teach stór go leith a bhí ann agus bhí sé ar an taobh eile de theach na Mooraigh. Ba le muintir Mhic Giolla Choinnigh (muintir Shéarlaí Dháibhí, teaghlach a bhfuil cur síos déanta againn orthu agus Ceann na Leargaidh a dhéanamh againn in Eagrán 20) an teach seo, bhí dhá theach acu anseo am amháin ach ní raibh fágtha ach na seanbhallóga i m'amsa. Ba leis an teaghlach seo an cnoc thuas ar chúl na dtithe seo ar a nglaoitear "Cropie (Crobie) Hill" fosta. D'úsáidtí an cnoc seo in amanna mar aicearra. Dá mbeifeá ag glacaint an aicearra seo d'fhágfá an bealach mór ag an áit a bhfuil an bealach ag dul isteach tigh William Mc Nutt anois agus thiocfá amach ag barr mhalaigh Chluain tSaileach. Leoga níl a fhios agam an raibh mórán d'aicearra ann nó ar baineadh mórán úsáide as. I Míobhaigh Íochtarach bhí trí theaghlach darbh ainm Mac Giolla Choinnigh; Teach Mhata, (Mhaitias) Teach Alick agus Teach Jacob. Bhí feirm bheag ag dul le achan teach, roinnt eallaigh, beithigh agus cearca. Dhíoltaí prátaí agus uibheacha leis na siopaí; bheadh bairille de scadáin ghoirte nó éisc bhuí ag achan teach agus go minic tchífeá éisc crochta ar an líne le triomú. Bhí sliogéisc fairsing go leor fá na cladaí fosta agus ba ghnáth le muintir an bhaile uilig a bheith ag cruinniú faochóg mar go raibh siad breá flúirseach ag an am. Sna caogaidí gheofá sé scillinge ar chéad meáchain faochóg ach sa lá atá inniu ann gheofá €140 cé go gcaithfeá cuid mhór ama ag líonadh céad meáchain anois de thairbhe iad a bheith chomh gann sin. Is dócha go raibh níos mó cladaí ar an taobh thoir le haghaidh na bhfaochóg ná mar bhí ar an taobh thiar agus ba as chruinniú na bhfaochóg a baisteadh 'lucht na bhfaochog' mar leasainm ar mhuintir an taobh thoir. Leagadh seanteach Eoghain, teach na Mooraigh agus na seanbhallóga a bhí ar thaobh an bhealaigh in aice leo sa bhliain 1986 nuair a bhí an Chomhairle Contae ag leathnú an bhealaigh.

**Míobhaigh Uachtarach**



*Eoghan Phaidí Bhuaidhe*

Bhí teach Eoghain Phaidí Bhuaidhe tógtha ag an choirneál ar fhód an bhealaigh mhóir agus níor tugadh ariamh ar an choirnéal sin ach coirnéal tigh Eoghain. Bhí Eoghan ar dhuine de thrí chloigeann déag de chlann, triúr iníonach agus deichniúr mac, a bhí ag Paidí A' Buaidhe agus a bhean Sally Dhomhnaill (Nic Giolla Bhríde) i nDún Dúbháin. Ach ar an drochuair cailleadh Paidí agus a mhac Frank, nach raibh ach seacht mbliana déag, go tubaisteach sa bhliain 1891 agus iad ag iascaireacht gliomach amach ó Bháighe Thrá na Rossan. D'fhág sin clann mhór óg le tógáil ag Sally ar a cuid fhéin. (Féach eagrán 20, Ceann na Leargaidh).
Bhí Eoghan ó Buaidhe pósta ar Mháire Nic Suibhne agus bhí ochtar clainne acu: Paidí, John, Joe, Micí, Peigí, Sara, Dan agus Frank. Ba as Fánaid ó thús í Máire agus bhí a hathair ag obair mar bhúistéir don Tiarna Liatroma. D'aistrigh teaghlach Mhic Suibhne go Carraig nuair a thóg an Tiarna teach úr dóibh ansin. Phós Eoghan agus Máire in Albain agus chaith siad traidhfil blianta ann, áit ar rugadh an duine ba sine den teaghlach, ba sin Paidí. Ansin i ndiaidh dóibh pilleadh ar an bhaile fuair siad ceann de na

cottages úra a tógadh i Ros na Binne. Bhí bád beag ag Eoghan agus bhí an iascaireacht sna Dúnaibh i mbarr a réime ag an am agus is cosúil gur fhear críonna a bhí ann mar gur cheannaigh sé an fheirm i Míobhaigh sa bhliain 1928. Daoine den sloinneadh Hay a bhí sa teach seo roimhe sin agus bhí bean ann fosta darbh ainm Catherine Black.

Cailleadh beirt den chlann ina n-óige. Fuair Dan bás nuair a bhí sé ocht mbliana déag d'aois le haipindicíteas (appendicitis) agus ní raibh Sarah ach dhá bhliain déag nuair a fuair sise bás den tinneas céanna, bliain i ndiaidh dóibh aistriú go Míobhaigh. Chaith Paidí cúig bliana sa bhád chlós agus nuair a bhí a phrintíseacht thart d'imigh sé go Meiriceá. Bhí Eoghan féin i Meiriceá fosta faoin am sin agus é i ndiaidh cúpla bliain a chaitheamh i gCeanada roimhe sin. Phós Paidí bean darbh ainm Maggie Uí Fhrighil as Fánaid ach níor fhill sé ar an bhaile ariamh. D'imigh Micí agus Joe go



Eoghan Mac Aoidh, …., Maggie Ní Fhrighil, Paidí Ó Buaidh

Meiriceá fosta. Bhí Joe pósta ar bhean darbh ainm Cathleen Walsh as Gaillimh agus bhí beirt clainne acu. Tagann a iníon Maureen ar laethanta saoire anseo achan bhliain. Bhí John pósta in Albain agus fuair sé bás traidhfil blianta ó shin. Bhí



Peigí agus Feargal

Peigí pósta ar Fheargal Mhicheáil as Dumhaigh agus bhí iníon acu, Noeleen. Fuair Feargal bás óg agus sa bhliain 1952, nuair a bhí Noeleen seacht mbliana d'aois, thug Peigí í go Meiriceá. Phós Peigí fear ón bhaile, Charlie Mac Giolla Bhríde (CharlieAnn), ansin. Tá Peigí beo beatha



Peigí, a h-iníon Noelen agus a neacht Máire

go fóill i Meiriceá agus í os cionn nócha bliain d'aois anois. Taobh amuigh de na tréimhsí a chaitheadh sé in Albain anois is arís ag obair ar fheirmeacha, d'fhan Frank sa teach i Míobhaigh. Phós sé Bridget Ferry as an Chlochán Liath, bhí sí ag obair i monarcha cniotála Bhean Mhic Loscaí i gCarraig Airt. Bhí sciortaí, culaithe, bairéid agus a leithéidí a ndéanamh ansin agus cniotálaí maith a bhí in Bridget, "aran" nó "fair isle" agus gan patrún ar bith de dhíth uirthi. I ndiaidh di teacht go Míobhaigh ba ghnách léi siúl chuig a cuid oibre i gCarraig Airt, agus ina dhiaidh sin rinne sí cniotáil sa bhaile dóibh. Chaith Frank tréimhse ag obair leis an Chomhairle Contae, amuigh le beathach agus cairt, agus chaith sé tamall breá ag obair ar an ghalfchúrsa fosta.



John, Noelen agus Máire

Macasamhail a athar Eoghan roimhe, d'amharc Frank i ndiaidh an solas atá thíos ar an chladach ag poinnte Mhíobhaigh. Lampa pairifín a bhí ann san am sin. Beirt de chlann a bhí ag Frank agus Bridget, Máire atá pósta ar Éamonn a' Táilliúir i gCeann na Leargaidh agus John atá pósta ar Nancy Nic Giolla Bhríde as Carraig. Tá John agus Nancy ina gcónaí anois giota anonn an bealach ón áit a raibh an seanteach, os cionn an chuibhrinn ar a dtugtar Lag a bhFéile air. Fuair Frank bás i 1976 agus é 71 bliain d'aois agus bhí Bridget 92 nuair a fuair sí bás i 1994.



John Eoghain

Sa chéad teach eile bhí na Moores. Bhí teach na




Frank, Bridget, Gusty Moore, Pádraig Mac Suibhne (deartháir Mháire) & Eoghan

Mooraigh agus teach Eoghain faoin díon amháin. Ceathrar a bhí sa teach seo, Mary Jane, Robert, Fred agus Gusty agus ní raibh duine ar bith acu pósta. Ní fios dúinn cá huair a bhog siad isteach anseo agus níl muid cinnte c'as a dtáinig siad ach bhí baint acu le Fraoch (Seo an baile fearainn a bhí ar chúl an 'station' agus a shlog an gaineamh suas le linn na stoirmeacha gainimhe) agus bhí daoine muinteartha dóibh i dTamhnach thall i bhFánaid. Gusty an t-aon duine acu ar chuimhin liom fhéin (nó Moore mar ab fhearr aithne air) ach, de réir a gcuid comharsan uilig, daoine cineálta cneasta a bhí iontu. Bhain siad slí beatha mhaith amach dóibh fhéin idir an fheirmeoireacht agus an iascaireacht mar go raibh talamh ag na Mooraigh ó bharr Gháinne go cladach Lag na hUillinne. Chomh maith leis an fheirm i Míobhaigh, bhí feirm eile acu thall i gCraobhaigh agus d'fhanadh siad ann i rith na seachtaine in aimsir an fhómhair nó le linn am chur no bhaint na bprátaí. Ba ghnách leo pór prátaí a dhíol ina n-am. Chaith Robert tréimhse ag an iascaireacht in Albain fosta agus le linn ré órga na hiascaireachta sna Dúnaibh bhíodh siad ag tarraingt iasc ón ché. Teach mór imirt chártaí a bhí i dteach na Mooraigh. Thagadh na comharsana isteach, óg agus aosta, le "Brag" a imirt ar phingeacha. Go minic chloisfeá ceol sa teach seo fosta mar ba bhreá le Gusty port a sheinm ar an fhidil nó corr uair ar an bhosca ceoil.

Fuair Mary Jane bás i 1952, cailleadh Fred sa bhliain 1959 agus Robert i 1960. Chaith Gusty tamall ann leis fhéin ansin sular aistrigh sé isteach

go Doire ag daoine muinteartha dó agus dhíol sé an fheirm i Míobhaigh le Liam Mac Nuadht. Fuair sé bás i nDoire luath sna seachtóidí.

Bhí faoi na staighrí, a bhí taobh istigh den doras tigh Mhooraigh i gcónaí líonta le móin agus nuair a fuair Gusty bás tháinig a dhaoine muinteartha amach as Doire leis an teach a ghlanadh agus caidé a bhí istigh ar chúl na móna ach an 'tindy',



*Scioból na Mooraigh*

tindy an airgid! Chan iontas ar bith dóibh neart ama a chaitheamh achan lá ag líonadh faoi na staighrí le móin.

Giota anonn ón teach, ar an taobh eile den bhealach, bhí scioból na Mooraigh. Foirgneamh dhá stór a thóg Tuathal Mac a'tSaoir as Baile na Deora a bhí anseo agus obair chloiche den scoth le feiceáil ann. Ar íochtar, ar leibhéal na talún bhí bóitheach agus stábla agus ar uachtar, ar leibhéal an bhealaigh, bhí lafta don fhéar agus don arbhar.

Má théann tú cúpla slat síos lane Mhíobhaigh Íochtaraigh tiocfaidh tú ar bhothán Eoghain istigh ar thaobh na láimhe clé agus deirtear go raibh baint ag an Garda cósta leis uair amháin. Cé nach cuimhin le duine ar bith an áit a bheith in úsáid acu ariamh, tugtar an "Watch house brae" ar an mhalaigh seo go fóill.

*Beidh an chuid eile den chuntas seo sa chéad eagrán eile.*

# Imeachtaí Chéim Aniar



Seo thuas pictiúr a glacadh de na páistí i Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne sular dhruid an naíonra don samhradh. Bronnadh teastas ar na páistí agus chuaigh siad ar thuras go "Kids Kingdom" ar an lá deireanach. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Cití agus Mairéad, an dá stiúrthóir, agus ádh mór a ghuí ar na páistí a bheas ag toiseacht sa bhunscoil i mí Meán Fómhair.


## Balor an Drochshúil

Cúpla pictiúr ón Seó Mór a chur na páistí atá páirteach sa Tionscnamh Pleanála Teanga i láthair i gColáiste Ros Goill ar 18 Meitheamh.

Tuilleadh faoi seo sa chéad eagrán eile.

DVDanna den dráma seo ar fáil in oifig Chéim Aniar ar luach €5.







# Bronnadh na dTeastas.










Seo thuas na páistí a bhí ag freastal ar na ranganna uirlisí ceoil a bhí a reáchtáil ag Céim Aniar in Áras Ros Goill, lena múinteoirí ceoil, Máire Ghráinne Ní Chuilinn agus Siún Uí Ghallachóir. Bronnadh na teastais i ndiaidh dóibh ceolchoirm a chur i láthair dá dtuismitheoirí agus dá gcairde ar an lá deireanach de na ranganna. Glacann na páistí seo páirt sna hOícheanta Gaelacha a bhíonn ar siúl ag Céim Aniar i rith na bliana. Comghairdeas daoibh uilig agus moladh mór tuilte ag na múinteoirí.

# Feadaímó

1818

Bhí solas le feiceáil amach soir ar imeall na spéire agus Feadaímó ag amharc síos ar bhaile Leitir Ceanainn. Bhí sé tuirseach agus bhí ocras air. Thóg sé na bróga a bhí crochta thart ar a mhuineál agus leag ar an talamh iad. Shuigh sé ar charraig le taobh an bhóthair agus don chead uair ó d'fhág sé an baile bhuail beag uchtach é. Bhí a fhios aige go raibh se i mbearta crua. Cha raibh leathphingin ina phóca agus é i gceantar nach mbeadh aithne ag duine ar bith air.

Chuaigh an náire go smior ann agus é ag smaoineamh ar an diúltú a fuair sé ó Ghráinne Ní Dhubhaigh níos luaithe san oíche. Chuir an diúltú sin eanglach ina chroí agus cha dtug sé fá deara na malaí ar an bhealach agus é ag dul thairis Loch as' Alt. Bhí fuacht san aer an mhaidin fhómhair seo agus tháinig sé chuige go raibh an baile fágtha aige agus gan hata, gan chóta agus má bhí an ceart ag Gráinne gan chiall ach oiread. Bhí cumhacht na tairngreachta ag Feadaímó ach, ba mhór an trua, dar leis, nach raibh sé ábalta an tairngreacht a tharraingt ar fhéin am ar bith a ba mhian leis a úsáid. Chan san fhaopach seo a bheadh sé dá ma rud é go raibh a fhios aige roimh ré gur diúltú ó Ghráinne a bhí i ndán dó. San am chéanna shíl sé gur chuma chomh holc is a bhí rudaí bhí sé níos fearr ná a bheith greamaithe i gcleamhnas le Mádgie Thuathail Rua.

Sheas sé, agus thug sé faoi deara go raibh sé ábalta cruth na talún a dhéanamh amach níos fearr le teacht an lae. Bhí soilse le feiceáil i gcuid de na tithe thíos faoi agus níos mó acu a lasadh de réir mar a tharraing an mhaidin isteach. Mhothaigh sé athrú in aird na gaoithe agus d'amharc sé siar ar a chúl. Ní raibh réalta le feiceáil an treo sin anois mar bhí scamaill mhóra troma ag rolladh isteach agus droch chuma amach ar an spéir. Bhí, b'fhéidir, míle go leath le cur thairis leis an bhaile a bhaint amach go fóill ach ní raibh am do sin anois.

Bheadh ar foscadh a fháil sula dtagadh an stoirm isteach. Bhí teach ina shuí i ngleann bheag tuairim is céad slat ar a thaobh chlé agus mheas sé nach raibh an darna rogha aige ach dul agus foscadh a iarraidh orthu. Bhain Feadaímó sráid an tí amach agus é i gceann na fearthainne. Ag an am chéanna thosaigh madadh ag tafann istigh. Thit díle bháistí air agus é ag buaileadh cnag ar an doras. Cha dtiocfadh leis fanacht ar fhreagra agus thóg sé an laiste. D'oscail an doras agus shiúl sé isteach. "Beannacht Dé ar a bhfuil faoin díon seo," a dúirt sé, agus léim an madadh air. Madadh mór dubh a bhí ann agus chluinfeá a ghlam ar bharr na Mucaise. Thit Feadaímó ar a chúl amach an doras agus an madadh sa mhullach air. Bhí greim muineáil aige ar an mhadadh ach láidir is uile is a bhí Feadaímó bhí sé curtha go críoch a nirt é a choinneáil óna sceadamán fhéin. Bhuail an smaoineamh é go raibh fuil an mhic tíre ag reáchtáil i gcuislí an ainmhí seo dé réir a mhéide agus a láidreachta. Chuala sé scairt agus shocraigh an madadh ach níor scaoil Feadaímó a ghreim. Sheas fear i ndoras an tí ag breathnú síos ar an strainséir a bhí ina luí ar a dhroim agus an fhearthainn a bhá. "Cad é'n cineál bacach bóthair a thagann go doras ag an am seo den mhaidin agus a shiúlann isteach gan chuireadh?" arsa an fear. "Fear fliuch gan chóta nó hata," dúirt Feadaímó. Thosaigh an fear ag gáire. "Má tá tú gan chóta nó hata níl tú gan spiorad. Seo, tar isteach ón bháisteach sin agus fáilte



romhat." "Munar mhiste leat," arsa Feadaímó, "an dtiocfadh leat rópa a chur ar an mhadadh seo mar ní fheicim an fháilte sin ina shúile." "Jack, bíodh múineadh ort, anois, a dúirt mé." Fuair sé greim ar an mhadadh agus tharraing sé é ar ais. "Isteach leat, a dhiúlaigh go ndruidfidh mé an doras seo. Chan maidin atá ann ina dtig linn teas a chur amú."

Bhí seanbhean ina suí sa chlúid agus coinneal lasta aici. D'amharc sí ar Fheadaímó agus é ina sheasamh costarnocht agus an t-uisce ina lochán thart air i lár an urlár. "B'iomaí rud aisteach a chonaic mé i mo shaol, a dúirt sí, ach beidh sé doiligh seo a bhuaileadh agus mé ag scéalaíocht cois tine oícheanta geimhridh amach anseo." D'éirigh sí agus thosaigh sí ar an tine, a bhí coigilte ón oíche roimh ré, a fhadú. Caith cúpla bratóg d'éadach tirim chuig an bhoc sin, a Joe, dúirt sí, agus í i mbun oibre. Chuaigh an fear isteach sa tseomra agus tháinig sé ar ais le sean phéire brístí agus léine báinín. Isteach ansin leat, a ghasúir, agus cuir ort iad seo más beo atá tú ag iarraidh a bheith maidin amárach. Nuair a tháinig Feadaímó isteach arís bhí tine mhaith ar an teallach agus pota uisce crochta os a ceann.

Thosaigh an bhean ag gáire nuair a chonaic sí chomh teann is a bhí an léine ar Fheadaímó. "Shíl mé fhéin gur fear mór a bhí i Micheál s'againne ach níl ann ach dreoilín le do thaobhsa, a fhir óig," a dúirt sí. "Beannacht Dé ar do shláinte, anois, caith na héadaí fliucha sin chugam agus tarraing anall ag an tine." Shuigh Feadaímó lena taobh agus shín sí pláta de phrátaí ath-rósta chuige. Is iad a bhí blasta i ndiaidh a thurais. "Anois," arsa an tseanbhean, agus í ag crochadh a léine le taobh na tine, is Nóra atá ormsa, Nóra Ní Cheallaigh, agus chan dímhúinte atá mé ach caithfidh mé cúpla ceist a chur ort. Cé thusa, cas thú, agus inis dúinn an bhfuil na saighdiúirí sa tóir ort? Inis an fhirinne dúinn mar a bheadh fear maith ann mar crochadh mac domhsa i nócha is a hocht agus níl mé ag iarraidh duine eile a chailleadh." "Bhail, maise, a Nóra, thig leat an imní sin a chaitheamh duit," arsa Feadaímó. "Is Feadaímó atá ormsa agus as ceantar Ros Goill mé, agus níl a dhath sa tóir ormsa ach paidreacha mo mhuintire mar d'fhág mé an baile gan beannacht m'athar, is mé a aonmhac. Tá mé ar mo bhealach go Meiriceá is nuair atá stór déanta agam tiocfaidh mé ar ais mar fhear neamhspleách a dhéanas a thoil féin." "Cad chuige Meiriceá," arsa Joe. "Nach mbeadh an Lagán nó Albain níos cóngaraí duit. Tchím go leor ag pilleadh ón Lagán agus ó Albain, arsa Feadaímó, agus gan acu ach pinginí suaracha ina bpócaí. Fosta, de réir mar a chuala mise, níl saol madaidh ag Caitlicigh Éireannacha sna háiteacha sin. Thóg Nóra aibhleog amach ón tine le maide briste agus dhearg sí dúidín beag

leis. "Cogar bomaite, a fhir óig," a dúirt sí, "D'éist tú le daoine a tháinig ar ais ó Albain agus ón Lagán, ach ar casadh duit ariamh fear nó bean a d'fhill ó Mheiriceá?" Chroith Feadaímó a cheann. "Char casadh." Chaith Nóra seileog isteach sa ghríosach agus d'amharc sí ar Fheadaímó. "Char casadh mar cha dtarlaíonn sé. Anois," ar sise, níl a fhios agamsa cad é'n cineál tine atá faoi do thóin ach déarfainn gur cailín a las é. Is é mo mholadhsa duitse ná fanacht anseo inniu agus maidin amárach beidh biseach ar an aimsir agus dearcadh níos fearr agatsa ar an saol. Gabh na bhaile ansin agus socraigh rudaí le do mhuintir."

"Tá mé buíoch daoibh, a Nóra, glacfaidh mé le d'fhoscadh ach munar mhiste leat fágfaidh mé do mholadh leat. Chan an bealach go Ros Goill a bheas mise ag glacadh maidin amárach ach bealach Dhoire." "Bhail, cha shílim…." thosaigh Nóra ach bhris Joe isteach uirthi. "Fág é, a mháthair, nach n-aithníonn tú fear tiomanta agus é ina shuí romhat. A Fheadaímó," arsa Joe, "mar a dúirt mé cheana, tá spiorad ionat ach tá níos mó ná sin a dhíobháil. Níl cathair Dhoire ar dhóigh ar bith cosúil le Ros Goill. Cha dtig leat siúl isteach i dteach ar bith ansin is bia agus lóistín oíche a fháil. Caithfidh tú díol ar shon achan rud. Fosta ní bhfaighidh tú bád i nDoire a théann go Meiriceá. Beidh ort dul a fhad le Learpholl i Sasana le ceann a fháil. Muna bhfuil airgead agat a ghasúir tchím deacrachtaí romhat." "Tá a fhios agam go maith go bhfuil deacrachtaí romham agus glacfaidh mé leo, ach dóigh amháin no dóigh eile tá mise ag dul go Meiriceá." Arsa Feadaímó. "Nach iontach an rud í an óige," arsa Nóra. "Leis na pianta i mo shean- chnámhasa cha dtiocfadh liomsa dul a fhad le barr a' chosáin."

"Tá táin ag fágáil an bhaile seo anóirthear, arsa Joe, agus labhróidh mise leis an ghrásaeir, Domhnall Ó Dála, beidh tiománaithe bó a dhíobháil air. Gheobhaidh sin tú a fhad le Doire agus beidh cúpla pingin i do phóca cibé. Anois, fliuch nó tirim tá an bhó le bleán agamsa. Beidh tú báite má théann tú amach ansin," arsa Feadaímó. Ní amach atá mé ag dul, a dúirt Joe, agus é ag tógáil braighdeoige ón drisiúr. Bhí doras ar an taobh eile den chlúid nach dtug Feadaímó faoi deara cheana agus chuaigh sé isteach. Chuala Feadaímó fothram cearc thuas agus labhair Nóra leis. "An bhfeiceann tú an ceirnín sin sa choirnéal, bhail sin cuid na gcearc agus más maith leat, thiocfadh leat sin a chaitheadh chucu. Ní bheidh siad ag dul amach inniu cibé". Chuaigh Feadaímó isteach leis an cheirnín agus léim na cearca anuas óna bhfara. Chaith sé an bia ar an urlár agus sheas sé ansin ag déanamh comhrá le Joe.

Lá arna mhárach bhí an ghrian ag taitneamh agus chuidigh Feadaímó le Joe grágán de chrann a bhaint amach as an gharraí. Bhí meáchan creathnach sa ghrágán ach idir an bheirt acu d'éirigh leo é a tharraingt go dtí'n díog. Fágfaimid ansin é," arsa Joe. "Nuair a thriomaíonn sé amach píosa lasfaidh mé tine faoi. Tá mé buíoch duit, a dhiúlaigh, mar tá mise ag streachailt leis an ghrágán sin le tamaill anois." "Bhail," arsa Feadaímó, "tá jabanna ann agus tá cuidiú a dhíobháil, is cuma cé thú." "Goitse," arsa Joe, agus é ag siúl i dtreo an tí. "Tá greim bia tuillte i ndiaidh sin".

Bhí siad ina suí cois tine ag ithe uibheacha agus prátaí nuair a tógadh an laiste agus shiúl fear isteach. Fear ard caol le bata draighin a bhí ann. Sheas sé i lár an urláir agus labhair sé i nguth domhain údarásach. "Chuala mé go raibh tiománaí bó agat domh," a Joe. "Maise, ceann maith, a Dhomhnail," arsa Joe. "Tá sé chomh láidir le triúr. Amharc air tú féin. Má thagann gadaithe oraibh an t-am seo, beidh sé ina chuidiú." "Tá an chuma cheart air cibé, arsa Domhnall, ach an seasfaidh sé a fhód má thagann trioblóid ár mbealach, agus tiocfaidh. Mór agus uile is atá sé, tá sé óg agus chonaic mise go leor dena shamhail a shíl gur laochra a bhí iontu. Rith siad ar an chéad radharc de na gadaithe fiáine." Sheas Feadaímó. "D'inis Joe domh fá na gadaithe atá ar an bhealach idir seo agus Doire. De réir cosúlachta tugann siad droch-am dó na táinte a théann an treo sin. Má ghlacann tú mise mar thiománaí beidh mé leat go deireadh, agus is cuma liom fá na gadaithe fiáine. Is mise Feadaímó Phaidí Dhomhnaill Ó Gallchobhair agus char rith mé ariamh."

D'amharc Domhnall ar an fhathach a bhí ina sheasamh roimhe agus bhí a fhios aige gurbh fhearr i bhfad an boc seo a bheith leat ná i d'éadan. D'aithin sé nach gnáth duine a bhí ina sheasamh roimhe agus tháinig sé chuige go mb'fhéidir go raibh deis aige an t-am seo na gadaithe a ghortú go holc.

"Maith go leor, rachaidh tú linn, gheobhaidh tú dhá scilling de phá, do bhia agus lóistín oíche i nDoire. Má dhéanann na gadaithe ionsaí orainn, agus is fíor annamh nach ndéanann, gheobhaidh tú leathchoróin sa bhreis muna ngoideann siad ainmhithe ar bith. Fosta, bhéarfaidh mé coróin don fhoireann ar ghadaí ar bith a bheireann sibh orthu. Anois, an bhfuil sin cothrom go leor duit?" Bhris aoibh gháire amach ar aghaidh Fheadaímó. "Guím," a dúirt sé, go mbeidh slua gadaithe ar an bhealach." Bí cúramach, a ghasúir, arsa Nóra, is contúirteach iad corruair, na paidreacha a bhfreagraítear.

Beidh an chuid eile den scéal sa chéad eagrán eile.



# An Chéad Chomaoineach in Eaglais Eoin Baiste, Carraig Airt



*Scoil Naomh Bríd, na Dúnaibh.*



*Scoil Eoin Baiste, Carraig Airt.*



*Scoil Cholmcille, Duibhlinn Riabhach*

Déan teagmháil linn:

Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.

**Fón: 074 9154830**

**Facs: 074 9154830**

**Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta